# Scéim Faoisimh Tuilte Bhaile Féich-Srath an Urláir



## Nuachtlitir Nollaig 2025

SAN EAGRÁN SEO

Samhaltú Hiodrálach Lch 2
Suirbhéireachtaí & Imscrúduithe Lch 2
Measúnachtaí Timpeallachta Lch 3
Roghnúchán Lch 3

# An Scéal Is Déanaí

Seo an cúigiú nuachtlitir déag ag Scéim Faoisimh Tuilte Bhaile Féich-Srath an Urláir. Ar na nithe is mó a rinneadh ó bhí an ceann roimhe ann, cuireadh an tuairisc mhionsamhlaithe hiodrálaice i gcrích agus imscrúdú talaimh breise

# Samhaltú Hiodrálach

Úsáideadh samhail hiodrálach Scéim Faoisimh Tuilte Bhaile Féich le heachtraí tuile a spreagadh taobh istigh de Bhaile Féich/Srath an Urláir. Léirmhínigh foireann tionscadail na scéime faoisimh tuilte na spreagthaí leis na ceantair a aithint ina bhfuil gá le bearta faoisimh tuilte.

Rinneadh nuashonrú ar an tsamhail hiodrálach le linn na míonna roimhe sin le heolas suirbhéireachta breise. Tá an tsamhail á húsáid le gach cás sreabhadh abhann agus tuilte báistí a shamhlú. Tá measúnú leanúnach á dhéanamh ar an bhaol bactha i gcás tóchar agus struchtúr amhail droichid.



# Suirbhéireachtaí agus Imscrúduithe

Sa tréimhse thuairiscithe dheiridh, chríochnaigh an fhoireann tionscadail raon feidhme oibre an chonartha imscrúdaithe talaimh, agus ina dhiaidh sin fógraíodh é le haghaidh tairisceana. Tá na tairiscintí á meas faoi láthair, agus táthar ag súil go gcuirfear tús leis na hoibreacha go luath in 2026.
I ndiaidh a bheith ceaptha, déanfaidh an conraitheoir iarratas ar cheadúnas seandálaíochta ó Shéadchomharthaí Náisiúnta agus ar cheadúnas riachtanach ar bith eile le haghaidh oscailt agus druidim bóithre.

Déanfar teagmháil roimh ré leis na húinéirí talún a mbeidh tionchar orthu leis na hoibreacha imscrúdaithe beartaithe a phlé agus le rochtain a shocrú.
Tá an Measúnú Tionchair Seandálaíochta (MTS) agus Scagadh Measúnaithe Cuí (MC) curtha i gcrích. Déanann siad seo tionchair a d’fhéadfadh teacht ó na himscrúduithe ar an timpeallacht máguaird a mheas.

Cuirfear tús leis na himscrúduithe talaimh ar an láthair go luath in 2026. Áirítear leis na hoibreacha Poll Tóraíochta Tuargana Cábla, Georadar (GPR), Claiseanna scoilte agus Sloic Iniúchta.

Mairfidh oibreacha ar an láthair tréimhse thart faoi 4 seachtaine.

# Gníomhaíochtaí Timpeallachta

Tá an fhoireann tionscadail ag sainaithint suirbhéireachtaí éiceolaíochta breise a bheidh de dhíth i rith earrach 2026.

Nuair a thiocfaidh an rogha is fearr chun solais, rachaidh measúnú scóipe do shainsuirbhéireacht timpeallachta ar aghaidh, lena n-áirítear torann agus creathadh, cáilíocht an aeir, agus an tírdhreach agus gnéithe amhairc.

Tá an Tuairisc maidir le Réitigh Bunaithe ar an Nádúr á nuashonrú de réir léarscáiliú nua agus athbhreithniú an chliaint.

# Roghnúchán

Tá an scagthástáil tosaigh ar bhearta féideartha faoisimh tuilte curtha i gcrích ag an fhoireann tionscadail. Úsáideadh an tsamhail hiodrálach chun bearta inmharthana a mheas do gach cill tuilte. Cuireadh na bearta le chéile ina roghanna, agus tá na roghanna sin á dtástáil sa tsamhail le riachtanais airde agus fairsinge na gcosaintí tuilte a shainaithint. Nuashonraíodh an Tuairisc Roghanna taobh le samhaltú na roghanna. Tá an fhoireann tionscadail ag déanamh anailís ilchritéir anois, measúnuithe ar indéantacht tógála agus measúnachtaí ar gach rogha chun an Tuairisc ar Roghanna a thabhairt chun críche.

Reáchtáladh Ceardlann Roghanna ar an 15 Deireadh Fómhair le roinnt páirtithe leasmhara le suíomhanna agus na cineálacha cosaintí i ngach rogha a phlé. Ullmhóidh Ayesa na roghanna le cur i láthair don phobal agus do pháirtithe leasmhara le haghaidh comhairliúcháin, rud a chuideoidh leis an rogha scéime is fearr a thiocfaidh chun cinn do Bhaile Féich- Srath an Urláir a shainaithint.

# Na Chéad Chéimeanna Eile

Sna míonna atá romhainn, beidh an Fhoireann Tionscadail ag obair ar:

- **An Tuairisc Hiodrálach a chur i gcrích**
- **Tús a chur le hImscrúdú Talaimh ar an láthair**
- **Suirbhéireachtaí éiceolaíochta breise**
- **An Tuairisc ar Roghanna a chur i gcrích**

# Déan Teagmháil Linn

**Más mian leat teagmháil a dhéanamh leis an Fhoireann Tionscadail s'againn i dtaca le ceist ar bith a bhaineann le Scéim Cosanta Tuilte Bhaile Féich Srath an Urláir, is féidir sin a dhéanamh ar na bealaí seo a leanas:**

## Ríomhphost

Ballybofey-StranorlarFRS@Ayesa.com

## Gnáthphost

Gnáthphost Bainisteoir Tionscadail Scéim Faoisimh Tuilte Bhaile Féich-Srath an Urláir

Foirgneamh Ayesa

2100 Páirc Ghnó Aerfort Chorcaí

Bóthar Chionn tSáile

Corcaigh

## Fón

+353 (0) 21 240 7988

**Más mian leat eolas ar bith eile a fháil i dtaca leis an Scéim, lena n-áirítear an clár, tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin:**

**www.floodinfo.ie/frs/en/ballybofey-stranorlar/home/**